

## **Drochstaid na heacnamaíochta ina cúis le himirce daoine oilte sa Liotuáin**

In árasán a mhuintire, teaghais ón ré Sóivéadach, tá Robertas Yla ag ullmhú chun slán a fhágáil. Tá a mhála pacáilte le bronntanais ach tá an t-atmaisféar gruama agus srianta. Déanann a mháthair iarracht a cuid deor a choinneáil siar. Ní raibh ann ach cuairt ghairid go dtí a thír dhúchais. Is é Baile Átha Claith in Éirinn an áit ina bhfuil sé féin, a bhean chéile agus a chlann lonnaithe le deich mbliana anois.

Ní raibh mé in ann a shamhlú go bhfanfainn sa Liotuáin agus go n-oibreoinn ann ar airgead beag suarach nach bhfágfadh ar mo chumas mo chlann a chothú. De ghnáth, d'íocfainn i bhfad níos mó airgid ar pampers agus a leithéid. Bíodh a fhios agat go bhfuil rudaí ar nós clúidíní agus bia do naíonáin fíor-chostasach ann.

Sa bhliain 2010, chuaigh líon as cuimse Liotuánach, 80 000, ar imirce. Sa bhliain 2011, d'fhág 54 300 eile an tír. Tá an chuma ar an scéal gur líon beag é sin ach b'ionann é agus 1.5 % den daonra, agus bhí 60 % de na daoine a bhí ag fágáil san aoisghrúpa idir 15 agus 34. Tá eacnamaíocht na Liotuáine chomh mór ina stad agus atá abhainn reoite Neris sa phríomhchathair, Vilnias. Laghdaigh an Olltáirgeacht Intíre le céatadán as cuimse, 15 %, sa bhliain 2009. Mhéadaigh an ráta difhostaíochta go dtí níos mó ná 17 % anuraidh. Tá an príomh-aire dearfach, áfach, agus deir sé go bhfuil roinnt tionscadal curtha ar bun chun Liotuánaigh oilte a mhealladh ar ais. Mar shampla, tá an club Liotuánach i Londain i mbun oibre chun daoine a mhealladh ar ais go dtí an Liotuáin chun oibre. Anois, tá oideachas maith faighte acu, tá saineolas maith acu ó na tréimhsí ar chaith siad ag obair i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus, dá bharr sin, tá siad ag teacht ar ais le scileanna atá rí-thábhachtach don fhorbairt sa Liotuáin.

Go deimhin, bhí meascán tuairimí le cloisteáil nuair a ardaíodh an cheist i measc na ndaoine a bhí i gcaifé in aice láimhe:

'Teastaíonn uaim rud éigin suntasach a dhéanamh ach níl a fhios agam cén chaoi a ndéanfainn anseo é.'

Ní raibh daoine áirithe eile chomh diúltach sin:

'Chun a bheith macánta, tá an-chion agam ar mo thír agus ní mheasaim gur féidir saol níos fearr a bhaint amach i dtíortha eile seachas sa Liotuáin.'

Tá taobh dearfach leis an eimirce: cáilíochtaí níos fearr; an tábhacht atá le taithí idirnáisiúnta. Sheol Liotuánaigh atá lonnaithe thar sáile breis agus 1.5 billiún dollar abhaile chuig a dteaghlaigh sa bhliain 2010. Tá sé dodheánta an taobh diúltach a shéanadh. Tá na sonraí eacnamaíochta is déanaí cuibheasach maith. Tá cuma níos dearfaí ar thodhchaí na Liotuáine. Ach tógfaidh sé cuid mhaith ama sula mbeidh sí ar ais ar a cosa arís. Ach níl Robertas agus na mílte eile de na daoine is cliste agus is fearr sa Liotuáin toilteanach fanacht.